

**AN TACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT 2000 (arna leasú)
NA RIALACHÁIN UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT 2001 (arna leasú)
AIRTEAGAL 81**

FÓGRA DE BHUN AIRTEAGAL 81, CUID 8 DE NA RIALACHÁIN THUAS, MAIDIR LE FORBAIRT ATÁ BEARTAITHE AG COMHAIRLE CONTAE DHÚN NA NGALL

TABHAIR FAOI DEARA go bhfuil sé beartaithe ag Comhairle Contae Dhún na nGall na forbairtí seo a leanas a dhéanamh a bhaineann le háiseanna bainistíocht dramhaíola agus láthair fág anseo a shuiteáil in Eastát Tionsclaíochta Údarás na Gaeltachta sna Doirí Beaga, i gCeantar Bardasach na nGleanntach.

SCEIDEAL D’OBAIR BHEARTAITHE

Uimh.	Teideal	Bailte Fearainn	Le haghaidh pleananna a fheiceáil
1	Bainistíocht Dramhaíola & Ionad Fág Anseo a thabhairt go hÚdarás na Gaeltachta, Eastát Tionsclaíochta Dhoirí Beaga	Ard na gCeapairí	www.donegalcoco.ie “Baile>Comhairliúchán Poiblí”
Cur síos agus Réimeanna			
<p>Tá sé i gceist ag Comhairle Contae Dhún na nGall forbairt a dhéanamh ag Eastát Tionsclaíochta Údarás na Gaeltachta sna Doirí Beaga mar a mhínítear thíos.</p> <p>Tá an fhorbairt atá beartaithe suite in Eastát Tionsclaíochta Údarás na Gaeltachta, i gCeantar Bardasach na nGleanntach. Féachann an fhorbairt seo le banc fág anseo a chur ar fáil chun gloiní, cannaí agus teicstílí a athchúrsáil agus chun stóráil a chur ar fáil do chosc agus do bhainistíocht dramhaíola, chomh maith le rochtain, páirceáil, comharthaíocht agus fálú iomchuí.</p> <p>Déanfar an tionscadal de réir na líníochtaí a bhaineann leis an iarratas seo agus beidh an méid seo a leanas san áireamh:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Limistéar coincreíte nua a leagan do na bainc fág anseo agus rochtain shábháilte a chur ar fáil don phobal agus d’fheithiclí seirbhíse. • Fálú ar thaobh agus ar chúl an bhainc fág anseo • Comharthaíocht a bhaineann le rochtain • Ionad stórála le haghaidh cosc agus bainistíocht dramhaíola i gCeantar Bardasach na nGleanntach. 			

NÓTA: Beidh na Pleananna agus sonraí don fhorbairt atá beartaithe ar fáil le scrúdú ar líne ag www.donegalcoco.ie faoi “Baile>Comhairliúchán Poiblí” nó is féidir an t-iarratas a fheiceáil le linn uaireanta oifige sna hionaid thíos nó iad a cheannach (ar phraghas reasúnta le cóip a dhéanamh). Beidh coinne le déanamh roimh ré (mar gheall ar an Choróinvíreas)

Láthair	Seoladh)	Fón/Ríomhphost	Uaireanta Oscailte
Ionad Seribhísí Poiblí An Chlocháin Léith	Bóthar Ghaoth Dobhair An Chlochán Liath Contae Dhún na nGall F94 H4CF	Fón: 0749153900 Ríomhphost: planning@donegalcoco.ie	9:00am – 12.30pm agus 1.00am – 5.00pm ón Luan go Déardaoin agus
An Rannóg Pleanála, Comhairle Contae Dhún na nGall	Áras an Chontae Leifear Contae Dhún na nGall F93 Y622	Fón: 0749153900 Ríomhphost: planning@donegalcoco.ie	9:00am – 12.30pm agus 1.00pm – 4.30pm ar an Aoine

Mar mhalairt air sin is féidir leat dul i dteagmháil leis an [tSeirbhís do Chustaiméirí](tel:0749153900) ar (074)91 53900 chun níos mó eolais a fháil faoi na hOibreacha Beartaithe.

Beidh na moltaí ar fáil lena scrúdú ón 9.00am ón Luan 17ú Eanáir 2022 go dtí 5.00pm Dé Luain 14 Feabhra

Is féidir aighneachtaí agus tuairimí maidir leis an fhorbairt atá beartaithe, ag plé le pleanáil agus forbairt chuif an cheantair ina bhfuil an fhorbairt suite, a dhéanamh i scríbhinn chuig Oifig Rúnaí an Chontae, Comhairle Contae Dhún na nGall, Leifear, Contae Dhún na nGall, roimh 4.00pm 1ú Márta 2022.

Tabhair faoi deara de réir Airteagal 120(1)(b)(i) de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001 (arna leasú) gur bhain Comhairle Contae Dhún na nGall de thátal as, bunaithe ar réamhscrúdú ar nádúr, méid agus suíomh na forbartha, nach bhfuil gá le Measúnacht Tionchair Timpeallachta.

Scríobh ainm an tionscadail, de réir an sceidil thuas, ar an chlúdach litreach

Sínte: Micheál Mac Gairbhaigh, A/Stiúrthóir Seirbhísí

Uisce agus Timpeallacht, Comhairle Contae Dhún na nGall, Teach an Chontae, Leifear.